Cód Reachtanna Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne

TRANSPORT STYRELSEN

TSFS 20[Bliain]: [Uimh]

Foilsithe an [Roghnaigh dáta]

TRÁCHT AR BHÓITHRE

Rialacháin
lena leasaítear rialacháin Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne (TSFS 2011:70) maidir le córais chomhghlasála i gcás meisce a fhormheas;

arna ghlacadh an [Roghnaigh dáta].

Leis seo, eisíonn Gníomhaireacht Iompair na Sualainne na rialacháin seo a leanas[1] de bhun Chaibidil 8, Alt 5a den Reacht maidir le Ceadúnais Tiomána (1998:980) a bhaineann le rialacháin na Gníomhaireachta (TSFS 2011:70) maidir le córais chomhghlasála i gcás meisce a fhormheas

nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag pointe 2 de na forálacha maidir le teacht i bhfeidhm agus na forálacha idirthréimhseacha i rialacháin Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne (2016:35) lena leasaítear rialacháin Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne (2011:70) maidir le ceadú córas glasála i gcás meisce;

go mbeidh an fhoclaíocht seo a leanas ag Caibidil 2, Alt 2, Caibidil 3, Alt 1, 9 agus Alt 11 agus Caibidil 4, Alt 9;

Caibidil 2

Alt 2 Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:

1. I gcás cuideachtaí eachtracha – doiciméad a chomhfhreagraíonn do dheimhniú clárúcháin Oifig na Sualainne um Chlárú Cuideachtaí nó doiciméad ina ndearbhaíonn nótaire poiblí nó institiúid náisiúnta choibhéiseach gurb ann don chuideachta agus sínitheoir údaraithe na cuideachta, i bhfoirm cóip bhunaidh nó cóip dheimhnithe.

2. Ainm agus uimhir aitheantais phearsanta nó uimhir chomhordúcháin an duine nó na ndaoine sa tSualainn a dtabharfar údarás dó nó dóibh ionadaíocht a dhéanamh don ghnólacht, más eintiteas dlítheanach é an t-iarratasóir.

[1] Féach Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise

3. Liosta ina sonraítear an áit a ndéanfar feistí córas comhghlasála i gcás meisce a shuiteáil agus a sheirbhísiú, lena n-áirítear ainm an eintitis, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus uimhir uathúil don phointe seirbhíse, arna sholáthar ag an soláthróir.

4. Tuarascáil tástála de bhun Chaibidil 5, Alt 26 den Acht um Cheadúnais Tiomána (1998:488) ina léirítear go gcomhlíonann an cineál córais chomhghlasála i gcás meisce caighdeán SS-EN 50436-1, eagrán 3:2024 Corais chomhghlasála i gcás meisce - Ceanglais agus tástálacha - Cuid 1: feiste le béalóg a thomhaiseann alcól i samplaí anála do cláir phromhaidh agus chun críocha coisctheacha ginearálta;

5. tuairisc ar an gcomhlíonadh ar na ceanglais i gCaibidil 3, Alt 1(2) agus (3) agus Ailt 2–12 agus ar an gcaoi ar seiceáladh na ceanglais;

6. tuairisc ar eolas agus ar oiliúint na foirne;

7. tuairisc ar an trealamh a úsáidfear chun sonraí a shuiteáil, a sheirbhísiú agus a aistriú;

8. doiciméadacht tacaíochta le haghaidh faisnéise i gcomhréir le Caibidil 4, Roinn 6;

9. tuairisc ar an gcaoi ar áirithíodh comhlíonadh na gceanglas i gCaibidil 4, Alt 10;

10. doiciméadacht maidir le córas dearbhaithe cáilíochta an tsoláthróra i gcomhréir le Caibidil 4, Alt 11.

Caibidil 3

Alt 1 Ní mór don chóras comhghlasála i gcás meisce cloí le ceanglais chaighdeán SS-EN 50436-1, eagrán 3:2024 Córais chomhghlasála i gcás meisce - Ceanglais agus tástálacha - Cuid 1: feisti le béalóg a thomhaiseann alcól i samplaí anála chun críocha clár promhaidh agus chun críocha coiscthe ghinearálta, agus na ceanglais bhreise atá leagtha amach sa chaibidil seo;

déanfar an córas comhghlasála i gcás meisce a shuiteáil sa chaoi is nach féidir an fheithicil a thosú ach amháin má thomhaistear an cion alcóil san aer a easanálaíonn an tiománaí ag níos lú ná 0.10 milleagram alcóil in aghaidh an lítir den aer a easanáltar;

ní mór toirt an aeir a easanáltar a bheith 1.2 lítear ar a laghad chun go mbeidh an sampla anála bailí.

Alt 9 Ní mór don chóras comhghlasála i gcás meisce na teagmhais seo a leanas a thaifeadadh, lena n-áirítear an dáta agus an t-am:

1. gach sampla anála a thugtar isteach sa chóras comhghlasála i gcás meisce, mar aon sonraí faoin gcomhdhlúthú alcóil, más ábhartha, lena n-áirítear samplaí a sholáthraítear i ndáil le seirbhísiú;

2. cibé acu a cheadaíonn nó nach gceadaíonn an córas comhghlasála i gcás meisce don fheithicil tosú tar éis an tsampla anála;

3. cibé acu atá inneall na feithicle á thosú, ag rith nó múchta, nó nuair atá an fheithicil ag gluaiseacht;

4. cibé acu nach gcuirtear sampla anála ar fáil ag na heatraimh ama fhorordaithe tar éis sampla anála tréimhsiúil a iarraidh;

5. cibé acu an bhfuil soláthar cumhachta an chórais chomhghlasála i gcás meisce nasctha nó dícheangailte;

6. má cuireadh tús leis an bhfeithicil gan sampla anála ceadaithe a chur ar fáil nó má thugtar le fios ar bhealach éigin go ndearnadh crioscaíl leis an gcóras comhghlasála i gcás meisce ar bhealach ar bith eile;

7. má bhogtar an fheithicil gan tástáil anála fhormheasta i gcás ina bhfuil an córas comhghlasála i gcás meisce nasctha leis an bhfeithicil trí chomhéadan digiteach.

Alt 11 De thoradh na dteagmhas seo a leanas, iarrfaidh an córas comhghlasála i gcás meisce seirbhís bhreise roimh an am forordaithe le haghaidh seirbhíse faoi Chaibidil 4, Alt 3:

1. má thosaítear an fheithicil gan sampla anála ceadaithe a chur ar fáil;

2. má chuirtear isteach ar an voltas ceallra ar 3 ócáid ó rinneadh an tseirbhís dheireanach agus má tá an córas comhghlasála i gcás meisce ceangailte den bhfeithicil ar bhealach eile seachas trí chomhéadan digiteach;

3. murar cuireadh isteach tástálacha anála athuair laistigh den teorainn ama fhorordaithe trí huaire ó rinneadh an tseirbhís dheireanach;

4. má theip ar thástálacha anála athuair 3 huaire ón tseirbhís dheireanach a rinneadh;

5. má theip ar na tástálacha anála athuair a rinneadh sula dtosaítear an fheithicil 5 huaire ó rinneadh an tseirbhís dheireanach;

6. má bhogtar an fheithicil gan tástáil anála fhormheasta i gcás ina bhfuil an córas comhghlasála i gcás meisce nasctha leis an bhfeithicil trí chomhéadan digiteach.

I dtaca le seirbhísí breise, déanfar sonraí ón gcóras comhghlasála i gcás meisce de bhun Chaibidil 4, Alt 9 a tharchur chuig Gníomhaireacht Iompair na Sualainne.

Caibidil 4

Alt 9 Tá an soláthróir freagrach as na sonraí a luaitear thíos a thuairisciú do Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne. Déanfar an tuarascáil a tharchur go leictreonach i gcóras atá ceadaithe ag Gníomhaireacht Iompair na Sualainne agus i gcomhréir leis an bhfaisnéis agus na treoracha a thugann an ghníomhaireacht sin.

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach má thagann athrú ar na mionsonraí:

1. uimhir míre chineál an chórais chomhghlasála i gcás meisce agus an leagan an tsáis láimhe agus an aonaid rialaithe;

2. cén leagan den bhogearra atá ar fáil i sás láimhe agus in aonad rialaithe an chórais chomhghlasála i gcás meisce;

tarchuirfear an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le gach seirbhís a dhéantar;

1. uimhir aitheantais phearsanta an duine a bhfuil na córais chommhghlasála i gcás meisce suiteáilte aige;

2. sraithuimhir uathúil shás láimhe an chórais chomhghlasála i gcás meisce agus sraithuimhir uathúil fheiste rialaithe an chórais chomhghlasála i gcás meisce;

3. uimhir chláir uathúil le haghaidh gach feiste córais chomhghlasála i gcás meisce atá ag duine;

4. gach teagmhas i gcomhréir le Caibidil 3, Alt 9. Soláthrófar faisnéis maidir le haon tiúchan alcóil ar an gcaoi a shonraítear in 3.2 de chaighdeán SS-EN 50436-1, eagrán 3:2024, Córais chomhghlasálacha i gcás meisce — Ceanglais agus tástálacha — Cuid 1: feiste a bhfuil béalóg aici lena dtomhaistear alcól i samplaí anála le haghaidh clár phromhaidh agus chun críocha coisctheacha ginearálta;

5. dáta na seirbhíse a rinneadh;

6. ainm, seoladh agus uimhir uathúil don ionad seirbhíse a chuir an tseirbhís ar fáil, arna soláthar ag an soláthróir;

7. uimhir lena sainaithnítear an soláthróir;

8. má bhrathar iarrachtaí ar ionramháil nó ar chrioscaíl eile.

---

1. Tiocfaidh na rialacháin seo i bhfeidhm an [LL Mí BBBB].
2. Leanfaidh Caibidil 3, Alt 1, Alt 9 agus Alt 11 agus Caibidil 4, Alt 9, san fhoclaíocht a bhí acu roimhe seo, d'fheidhm a bheith acu maidir le córais chomhghlasála i gcás meisce atá formheasta cheana féin agus atá feistithe ar fheithiclí, nó atá feistithe ar fheithiclí tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis do na rialacháin sin teacht i bhfeidhm, ach chomh fada amháin a fhanfaidh an coinníoll maidir leis an gcóras comhghlasála i gcás meisce i bhfeidhm.

Thar ceann Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne

JOEL SMITH

Josefine Montelius
(Bóthar agus iarnród)